An Nollaig

Tasc A

Rólimirt

Ní fada go mbeidh an Nollaig ann. Tá tú amuigh ag súgradh sa chlós ag am sosa. Tosaíonn tusa agus do chairde ag labhairt faoin Nollaig. Tá sibh ag dréim go mór léi.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An bhfuil tú ag dúil leis an Nollaig i mbliana? Cén fáth?**
2. **Ar chuir tú mórán ar do liosta Nollag? Cad é a scríobh tú?**
3. **An mbeidh tú ag ceannach bronntanais do dhuine ar bith? Cé dó?**
4. **Cén chuma a bhíonn ar do chrann Nollag?**
5. **Cad iad na scannáin Nollag a bhfuil dúil agat iontu?**
6. **An bhfuil dúil agat in amhráin na Nollag? Cé acu?**
7. **An mbíonn traidisiúin Nollag ar bith ag do theaghlach? Cad iad?**
8. **Cad é a dhéanann tusa ar lá Nollag? Cuir síos ar an lá a bhíonn agat de gnáth.**
9. **An dtaitníonn saoire na Nollag leat?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Bronntanais dhaite
- Crann Nollag
- Maisiúcháin na Nollag
- Soilse ag lonrú
- Draíocht san aer
- Dinnéar na Nollag
- Turcaí/glasraí/prátaí rósta
- Pléascóga
- Oíche Nollag
- Oíche Lae Nollag
- Daidí na Nollag
- Éadaí nua/pitseámaí úra
- Folcadán
- Lán béil
- Seacláid/milseáin
- I mo luí go luath
- I mo shuí go luath
- Éirím go luath./Cuirim orm mo chuid éadaí./ Osclaím na bronntanais.
- Am Teaghlaigh
- Ar bís
- Iontach tógtha
- Oíche na Seanbhliana

© CCEA 2022

An Nollaig

Seanfhocail

Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
Tús maith leath na hoibre.

Saibhreas Teanga

Ar mo bharraicíní
Ar luas lasrach – téim síos an staighre ar luas lasrach (go gasta).
Bíonn ocras an domhain orm./Bhí ceas orm.
Bíonn sceitimíní orm.
Chomh milis le mil – bíonn na milseáin chomh milis le mil.

Tasc B

1. Cárta Nollag

Dear cárta do dhuine i do rang.
Smaoinigh ar íomhánna na Nollag. Tarraing pictiúr draíochtúil chun tosaigh ar do chárta.
Scríobh beannacht dheas taobh istigh, mar shampla **Beannachtaí na Nollag ort**. Nó **Bíodh Nollaig ghalánta agat**. Nó **Draíocht agus Sonas ort um Nollaig**.
Tabhair an cárta do dhuine speisialta.

2. An Aimsir Láithreach

Bíonn gach duine ag ceiliúradh na Nollag ar bhealach difriúil.
An aimsir láithreach in úsáid agat, scríobh cur síos ginearálta ar an bhealach a chaitheann tusa lá Nollag. Seo cúpla smaoineamh le cuidiú leat:

- Cén t-am a éiríonn tú? Éirim ar ...
- An ritheann tú síos an staighre nó an músclaíonn tú duine ar bith eile? Rithim ... Músclaím ...
- An osclaíonn tú bronntanais? Osclaím ..
- An itheann tú bricfeasta? Ithim ...
- An ngléasann tú tú féin? Gléasaim mé féin ...
- An dtugann tú bronntanas do dhuine ar bith? Tugaim ...

Bain úsáid as peannaireacht néata. Cuimhnigh ar cheannlitreacha ag tús gach abairte.

© CCEA 2022